Coláiste na Rinne

# Polasaí maidir le Páiste Tinn

Leagan 2 – Lúnasa 2024

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Rialú Leaganacha | **Lch 2** | | Version Control |
| 1 | Réamhrá | **Lch 3** | 1 | Introduction |
| 2 | Scóip | **Lch 3** | 2 | Scope |
| 3 | Próiseas Iarratais | **Lch 3** | 3 | Application Procedure |
| 4 | Altraí an Choláiste | **Lch 4** | 4 | Coláiste Nurses |
| 5 | Cúram Leighis Práinneach | **Lch 4** | 5 | Urgent Medical Attention |
| 6 | Dochtúir an Choláiste | **Lch 5** | 6 | The Coláiste Doctor |
| 7 | Foláireamh Sláinte | **Lch 5** | 7 | Medical Alerts |
| 8 | Ag éirí tinn sa Choláiste | **Lch 5** | 8 | Becoming sick while attending the Coláiste |
| 9 | Athbhreithniú ar an bPolasaí | **Lch 8** | 9 | Policy Review |
| 10 | Faomhadh an Pholasaí | **Lch 8** | 10 | Policy Approval |

# Rialú Leaganacha

| Leagan | Dáta | Cúis an Athraithe |
|---|---|---|
| Leagan 1 | 25 Feabhra 2023 | Polasaí Nua |
| Leagan 2 | 24 Lúnasa 2024 | Athbhreithniú |
| | | |
| | | |

## 1 Réamhrá

Leagtar amach sa pholasaí seo na sochruithe atá curtha i bhfeidhm ag Coláiste na Rinne maidir le scoláirí tinn.

Cloífidh Coláiste na Rinne le treoracha ón Rannóg Sláinte Poiblí agus treoirlínte reatha atá i bhfeidhm.

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.

## 1 Introduction

This policy sets out the arrangements that Coláiste na Rinne has in place for caring for sick students.

Coláiste na Rinne will act in compliance with instructions from Public Health and current guidelines.

Should there be any discrepancy between the Irish and the English version in this policy, it is accepted that the Irish version is the correct one, and the English version is provided as a translation.

## 2 Scóip

Baineann an polasaí seo le scoláirí ag freastal ar Choláiste na Rinne.

Measfar forálacha an doiciméid seo a bheith mar chuid de choinníollacha freastal na scoláirí go léir.

## 2 Scope

This policy applies to all students attending Coláiste na Rinne.

The provisions of this document shall be deemed to be incorporated into the conditions of attendance for all students.

## 3 Próiseas Iarratais

Bíonn ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na scoláirí atá ag freastal ar Choláiste na Rinne Ceistneoir Sláinte a chomhlánú. Is foirm ar líne í seo a sheoltar go díreach chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí agus seoltar an fhoirm líonta ar ais chuig na h-altraí. Cuireann na h-altraí na baill foirne cuí ar an eolas maidir le fhaisnéis ábhartha.

Beidh plé idir na tuismitheoirí/ caomhnóirí agus altraí an Choláiste maidir le h-aon imní leighis ar leith. Déanfar aon socruithe speisialta maidir

## 3 Application Procedure

All parents/guardians of students attending Coláiste na Rinne are required to complete a Health Questionnaire. This is an online form which is sent directly to the parents/guardians and the completed form is sent back to the nurses. The nurses inform all relevant staff of any pertinent information.

Any particular medical concerns will involve a discussion between the parents/guardians and the Coláiste nurses. Any special arrangements for

le cúram an linbh sin, nó aon oiliúint foirne d'aon riocht ainsealach ar leith a shocrú, más indéanta (mar shampla, úsáid peann epi).

Sa chás go mbíonn imní ann faoi chumas an Choláiste freastal go cuí ar riachtanais chúraim an iarratasóra, is féidir go mbeidh an cheist curtha faoi bhráid an Choiste Bainistíochta le haghaidh chinnidh. Déanfar gach cás a mheas ceann ar cheann faoi rún agus discréid.

## 4 Altraí an Choláiste

Fostaíonn Coláiste na Rinne altraí cláraithe a bhfuil clárúchán reatha NMBI acu. Tá siad freagrach as cúram sláinte a sholáthar do gach scoláire. Lasmuigh d'uaireanta oibre bíonn duine de na haltraí 'ar glaoch' de ghnáth chun freastal ar thimpistí nó cásanna éigeandála agus chun aire a thabhairt do scoláirí atá tinn. Bíonn ar altra(í) an Choláiste cinneadh a dhéanamh an bhfuil páiste in ann cluichí a imirt.

Bíonn altra ina h-oifig 3 tréimhse i rith an lae chun cógais a dháileadh go rialta agus chun cúram a thabhairt do thinnis eile. Bíonn na tréimhsí seo díreach tar éis an bhricfeasta (08.30), dinnéar (13.30) agus tae (18.30). Déanann an altra maoirseacht freisin sa seomra bia le linn do na leanaí a bheith ag ithe.

## 5 Cúram Leighis Práinneach

Má bhíonn cóir leighis práinneach ag teastáil ó dhalta agus é/í faoinár gcúram déantar iarracht dul i dteagmháil lena thuismitheoirí/chaomhnóirí. Déanfaidh

the care of that child, or any staff training for any particular chronic condition will be arranged if feasible (for example, the use of an epi-pen).

Where a concern arises regarding the ability of the Coláiste to appropriately meet the care needs of an applicant, this may be referred to the Coiste Bainistíochta for decision. Each case will be decided on an individual basis and treated with strict confidentiality.

## 4 Coláiste Nurses

Coláiste na Rinne employs registered nurses who hold current NMBI registration. They are responsible for the provision of healthcare to all students. Outside of working hours one of the nurses is usually 'on call' to attend to accidents or emergencies and to look after students who are unwell. The Coláiste nurse(s) will decide if a child is unfit to play games.

The nurse is in their office 3 times throughout the day for regular medication distribution and for other ailments to be attended to. These times are directly after breakfast (08.30), dinner (13.30) and tea (18.30). The nurse also supervises in the dining room while the children are eating.

## 5 Urgent Medical Attention

If a student requires urgent medical attention while under our care we will attempt to contact their parents/guardians. The nurse will

an altra measúnú ar cé acu an leor coinne dochtúra nó, i gcás éigeandála, cad iad na seirbhísí a ghlaofar orthu.

## 6 Dochtúir an Choláiste

Úsáideann Coláiste na Rinne seirbhísí dochtúra Ionad Leighis an tSeandúin i mbaile Dhún Garbhán (thart ar 9km).

Má bhíonn seirbhísí dochtúra ag teastáil ó scoláire déanfaidh an altra atá ar dualgas coinne leis an Ionad Leighis. Rachaidh scoláire chuig an Ionad Leighis le Cinnire i dtacsaí.

Tá tuismitheoirí/caomhnóirí faoi dhliteanas gach costas (Tacsaí, Dochtúir Teaghlaigh & Cógaisíocht, má bhaineann) agus ní mór na híocaíochtaí seo a dhéanamh roimh ré.

## 7 Foláireamh Sláinte

Cuirtear liosta scoláirí a bhfuil riochtaí leighis ar leith orthu ar fáil don fhoireann ar fad.

Is campas saor ó chnónna é Coláiste na Rinne mar gheall ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann dóibh siúd a bhfuil ailléirge orthu. Ní cheadaítear aon táirgí a bhfuil cnónna iontu ar an gcampas agus iarrtar ar gach scoláire/tuismitheoir/caomhnóir cloí leis an bhforáil seo.

## 8 Ag éirí tinn sa Cholaiste

Déanfaidh an altra cinneadh an bhfuil an scoláire in ann freastal ar

assess whether a G.P appointment will be sufficient or, in the case of an emergency, which services will be called.

## 6 The Coláiste Doctor

Coláiste na Rinne uses the GP services of Shandon Medical Centre in Dungarvan town (approx. 9km).

Should a student require the services of a GP the nurse on duty will make an appointment with the Medical Centre. Students will travel to the Medical Centre with a Cinnire by taxi.

Parents/guardians are liable for all costs incurred (Taxi, GP & Pharmacy, if applicable) and these payments must be made in advance.

## 7 Medical Alerts

A list of pupils with specific medical conditions is made available to all staff.

Coláiste na Rinne is a nut free campus due to the risk they can pose to those with an allergy. No products containing nuts are permitted on campus and all students/parents/guardians are requested to comply with this provision.

## 8 Becoming sick while attending the Coláiste

The nurse will make a decision as to whether the student is fit enough to

ranganna/gníomhaíochtaí nó an gá dó/di fanacht sa leaba.

**Sa chás go bhfuil scoláire curtha go leaba de bharr tinnis:**

- Cuirfidh siad a gcuid éadaí leapa orthu féin arís agus rachaidh siad isteach sa leaba.
- Déanfaidh cinnire seicáil ar an scoláire tinn gach 15/30 nóiméad nó de réir moladh na n-altraí agus síneoidh sé/sí an bhileog 'Tinn sa Leaba' atá ar chlár na bhfógraí sa phríomhoifig.
- Fágfaidh an altra treoracha soiléire don Chinnire le leanúint ag déanamh measúnú ar gach scoláire cás ar chás.
- Cuirfear uisce, babhlaí caitheamh aníos indiúscartha agus ciarsúir ar fáil do scoláirí tinn.
- Beidh altra ar glaoch má thagann meath ar an scoláire. Déanfar cinneadh an bhfuil gá le cuairt dochtúra.
- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas má theastaíonn cuairt dochtúra.
- Uaireanta is féidir iarraidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí a bpáiste a bhailiú ón gColáiste má bhíonn tinneas orthu a mhairfidh níos faide ná cúpla lá.

**Galair Thógálacha a Rialú**

Má tá cás dóchúil de ghaistreintríteas nó de ghalar tógálacha eile ag aon scoláire, déanfar é/í a aonrú ón bpobal scoláirí nuair is féidir. Déanfar teagmháil lena thuismitheoirí/caomhnóirí agus cuirfear in iúl dóibh go gcaithfidh siad

attend classes/activities or whether they are required to stay in bed.

**If a student is sent back to bed because of illness:**

- They will change into their nightwear and get into bed.
- A cinnire will check on the sick student every 15/30 minutes or according to the nurses recommendation and sign the 'Tinn sa Leaba' sheet which is on the notice board in the main office.
- The nurse will leave clear instructions for the Cinnire to follow assessing each child case by case.
- Water, disposable vomit bowls and tissues will be provided for ill students.
- The nurse will be on call should the student deteriorate. A decision will be made whether a G.P visit is needed.
- Parents/guardians will be notified if a G.P visit is required.
- On occasion parents/guardians may be requested to collect their child from the Coláiste should they contract an illness that will last longer than a couple of days.

**Controlling Infectious Diseases:**

Any student with a probable case of a gastroenteric or other infectious disease will be isolated from the student population, where possible, and their parents/guardians will be contacted and informed that they must bring their child home until at

a leanbh a thabhairt abhaile go dtí 48 uair ar a laghad tar éis deireadh na hairíonna, nó tréimhse eile de réir na dtreoirlínte reatha.

Ní gá go gciallódh teagmhas aonarach ina gcomhlíonann scoláire na critéir chliniciúla go bhfuil gaistreintríteas nó galar tógálach eile orthu.

Má aithnítear dhá chás dhóchúla nó níos mó de ghalar tógálach, i gcás ina bhfuil imní réasúnach ann go bhféadfaí iad a nascadh de bharr comharthaí comhchosúla, fráma ama, teagmháil duine le duine agus iad a bheith lonnaithe san áit chéanna, measfar gur féidir é sin a áireamh mar bhriseadh amach. Sa chás seo rachaidh an Coláiste i dteagmháil le is an Rannóg Sláinte Poiblí chun comhairle a lorg ar bhainistiú briseadh amach.

Déileálfar le tinnis riospráide agus galair thógálacha eile de réir na dtreoirlínte reatha. Lorgófar comhairle leighis agus sláinte poiblí nuair is gá.

least 48 hours after their symptoms have stopped, or other period in line with current guidelines.

An isolated incident of a student meeting the clinical criteria does not necessarily mean that they have a gastroenteric or other infectious disease.

Should two or more probable cases of a gastroenteric or other infectious disease be identified, where there is a reasonable concern that they may be linked due to similar symptoms, time-frame, person to person contact and located in the same place, this will be considered a possible outbreak. In this scenario the Coláiste will contact Public Health to seek advice on outbreak management.

Respiratory illnesses and other infectious diseases will be dealt with in line with current guidelines. Medical and public health advice will be sought where necessary.

### Cúinsí ina bhféadfaimis iarraidh ort do leanbh a choinneáil amach ón gColáiste:

D'fhéadfadh go n-iarrfadh an Coláiste, mar gheall ar bhaol sláinte a bhaineann le do leanbh do dhaoine eile nó a mhalairt, nó mar gheall ar víreas, paindéim, eipidéim nó riosca sláinte eile, go gcoimeádfadh tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáiste sa bhaile agus gan cead a thabhairt dó/di filleadh ar an gColáiste go dtí go mbeidh an baol sláinte thart.

### Circumstances where we may require you to keep your child away from the Coláiste:

The Coláiste may require, due to a health risk either presented by your child to others, presented to your child by others, or by reason of a virus, pandemic, epidemic or other health risk, that a student's parents/guardians keep their child at home and not permit him/her to return to the Coláiste until such time as the health risk has passed.

## 9 Athbhreithniú ar an bPolasaí

Beidh athbhreithniú déanta ar an bpolasaí seo ag Coiste Bainistíochta an Choláiste comh luath agus is féidir i ndiaidh rialúcháin nó dlí nua le tionchar aige ar an bpolasaí seo.

## 9 Policy Review

This policy will be reviewed by Coiste Bainistíochta an Choláiste as soon as practicable following a new law or regulation which impacts on this policy.

## 10 Faomhadh an Pholasaí

Faomhadh an polasaí seo ag cruinniú Coiste Bainistíochta Choláiste na Rinne ar an 24 Lúnasa 2024.

## 10 Policy Approval

This policy was approved by Coiste Bainistíochta Choláiste na Rinne at a meeting on 24 August 2024.

**Síniú:** ______________________

**Aonghus Ó hEocha**
Cathaoirleach
Coláiste na Rinne

**Dáta:** 24/8/'24

**Síniú:** ______________________

**Críostóir Ó Faoláin**
Stiúrthóir
Coláiste na Rinne

**Dáta:** 24/8/2024